



GÁIS COITIANTA



EOCHAIRFHOCAIL

Dé-ocsaíd charbóin
Carbonáit chailciam
Clóiríd chailciam
Aigéad hidreaclórach
Aoluisce
Gualach
Spúnóg ghrodloiscthe
Ocsaigin
Catalaíoch
Sárocsaíd hidrigine

Dé-ocsaíd mhangainéise
Dlús
Dóchán
Riospráid
Breosla
Teas
Ozón
Ciseal ozóin
Hidrigín

Cleithín adhmach
Birín beo
Gan boladh
Gan dath
Achar dromchla
Clórafluaracarbón
Pipéad grádaithe
Eisiteirmeach
Lavoisier
Tréithe

FÉACH TUILLEADH AR WWW.DBGMATA.IE

© DBGMATA.IE & SCIENCETEACHER.IE

GÁS A BHAILIÚ

Tá gás deacar le bailiú nuair ata turgnamh a dhéanamh agat. Féach thíos ar slí chun é a dhéanamh.

TREALLAMH

Gloiní cosanta

Promhadán (triaileadán) fiuchta

Promhadán (triaileadán)

Eascra mór

Corc agus seolfheadán

Raca promhadáin (triaileadáin)

Ribín maignéisiam


Sorcóir grádaithe

Aigéad hidreachlórach)

Dóire Bunsen Cléithín adhmafach (birín beo)

MODH

1. Líon promhadán agus eascra le huisce. Cuir do mhéar thart ar deireadh an promhadán agus cuir san eascra é bun ós cionn




2. Cuir bun an seolfheadán isteach sa phromhadán bun ó cionn, gan ligint d'aon uisce teacht amach.



GÁS A BHAILIÚ


3. Tomhas 10cm^3 aigéad hidreachlórach agus cuir sa promhadán fiuchta é. Seas é sa raca promhadán.

4. Cuir an maignéisiam isteach san aigéad gus cuir an corc air.



5. Nuair a chríochnaíonn an imoibriú, las do dhoire busen.

6. Scrúdaigh an gás le cleithín adhmadaigh lasta (birín beo).



TASC - CONCLÚID

1. Cén gás a chruthaítear sa turgnamh seo? Mínigh do fhreagra.

2. Cén breathnaithe a thaispeánann gur gás atá á cruthú agat?

3. Cad a deir na breathnaithe seo leat faoi na gásanna?

4. Tabhair modh eile a d'fheadfá a úsáid chun gás a bhailiú agus tomhas a dhéanamh air.


5. Tá (a) Déocsaíd Charbóin (b) Ocsaigin (c) Hidrigin ar trí ghás a bhailítear go minic. Tabhair tástáil láithreachta (le cinntiú go bhfuil an gás ann) atá ann don trí ghás sin - déan taighde le teacht ar fhreagra más gá.

TASC LITEARTHACHTA

HIDRIGIN

GÁS COITIANTA AGUS ÚSÁIDEACH

Tá hidrigin an-úsáideach agus an-choitianta. Tá an cuid is mó den griain déanta as hidrigin. Tá hidrigin i gcuid mhór de na ceimicéain i do chorp. Ceapann réalteolaithe go bhfuil 90% den chruinne déanta as hidrigin! Is féidir hidrigin a úsáid chun leasachán a chruthú. Is féidir é a úsáid chun ola glasraí a aistriú go margairín agus chun ceimicéain eile ar nós aigéad hidreaclórach a chruthú. Úsáidtear an leacht hidrigin mar bhreosla do roicéad agus is féidir é a úsáid fiú chun leictreachas a ghiniúnt sa roicéad.



Tá sé feicthe agat gur féidir hidrigin a dhéanamh tríd imoibriú le miotal agus le haigéad. Faraor, ní hé seo an slí ina chruthaítear hidrigin i dtionsclaíocht. Tá hidrigin i láthair i go leor ceimicéain, agus scoiltear é ó na ceimicéan seo i slite difriúla. Is é an gás a dóitear i ndoire bunsen ná gás nádúrtha darbh ainm meatán. Tá sé déanta as hidrigin agus carbóin. Is féidir é a imoibriú le gal, agus is é ceann de na táirgí ná hidrigin. Is sampla eile do cheimicéan atá déanta as hidrigin agus adamh eile ná uisce. Má cuirtear leictreachas trasna ar uisce, scoiltear na hadaimh hidrigin agus ocsaigin. Is féidir uisce a imoibriú le iarann te dearg, agus ceann de na táirgí ná hidrigin.

CEISTEANNA

1. Ainmnigh dhá cheimicéan le hidrigin iontu.
2. Déan cur síos ar conas is féidir hidrigin a dhéanamh ó cheimicéan eile.
3. Ceaptar go bhfuil hidrigin in ann a bheith úsáidte in ionad peitreal mar bhreosla i gcarranna. An gceapann tú go bhfuil an smaoineamh seo ceart nó mícheart? Míne do fhreagra.
4. Déan taighde ar cad é cill breosla agus cén ról atá ag Hidrigin mar bhreosla.



GÁIS COITIANTA

MEASÚNÚ CHUN FOGHLAMA

TRÉITHE GÁIS COITIANTA



Sa bhosca thíos tá gáis coitianta ainmnithe. Scríobh na hainmneacha síos in aice leis na tréithe ceart sa chlár. B'fhéidir go mbeidh roinnt taighde ag teastáil.

Argón	Dé-ocsaíd charbóin	Héiliam	Meatán
Nitrigin	Dé-ocsaíd nitrigin	Ocsaigin	

GÁS

TRÉITHE

Tá an gás seo san aer a easanálaimid. Múchann sé lasracha. Athraíonn sé aoluisce go dtí dath bainne.

Seo gás atá uainn le maireachtáil. Tá se ag teastáil lé dóigh a dhéanamh freisin. Dófaidh cléithín adhmafach go geal leis an ngás seo

Seo gás donn le boladh láidir. Is nimh é agus is cúis é le haghaidh báisteach aigéadach.

Seo an gás is mó atá san aer. Ní imoibríonn sé mórán. Múchfaidh cléithín adhmafach ins an gás seo.

Seo an gás a bhíonn i sconna gáis. Faightear é faoin bhfarraige. Dóann sé le dath geal gorm nuair atá a lán aer ar fáil.

Ní imoibríonn an gás seo in aon cor. Úsáidtear é i mbolgan solas ionas nach imoibreoidh an miotal leis na ábhair eile sa bholgán.

Tá an gás seo an-éadrom, mar sin úsáidaimid é i mbalúin. Ní imoibríonn sé in aon chor agus múchfaidh sé lasracha. Úsáideann tumairí SCUBA an gás seo

FÉACH TUILLEADH AR WWW.DBGMATA.IE

© DBGMATA.IE & SCIENCE TEACHER.IE